Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2013

9.10.2025

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2013 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8 Deireadh Fómhair 2025**

**lena gcuirtear allmhairí aigéid theireatalaigh de thionscnamh Phoblacht na Cóiré agus Mheicsiceo faoi réir a gcláraithe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Lúnasa 2025, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún'), trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]), gur tionscnaíodh imeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí aigéid theireatalaigh de thionscnamh Phoblacht na Cóiré agus Mheicsiceo isteach san Aontas.

(2) Tionscnaíodh na himeachtaí seo tar éis gearán a chuir INEOS Aromatics isteach an 30 Meitheamh 2025 thar ceann táirgeoirí a bhfuil níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán aigéid theireatalaigh an Aontais acu.

## 1. **TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR A CHLÁRAITHE**

(3) Is é atá sa táirge atá faoi réir a chláraithe ('an táirge lena mbaineann') aigéad teireatalach ag a bhfuil íonacht 99,5 % nó níos mó de réir meáchain, a thagann de ghnáth faoi uimhir Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha ('CAS') 100-21-0 agus a chomhfhreagraíonn de ghnáth d'uimhir an Aontais Chustaim agus Staidrimh ('CUS') 0023865-3. Tá an táirge lena mbaineann aicmithe faoi chód AC ex 2917 36 00 (cód TARIC 2917 36 00 11) faoi láthair.

## 2. **CLÁRÚ**

(4) Faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, féadfar allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe chun a áirithiú go bhféadfar na dleachtanna sin a thobhach go cúlghabhálach, má chomhlíontar na coinníollacha is gá, ar na hallmhairí cláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme, i gcás ina mbeadh torthaí ar na himscrúduithe as a dtiocfadh forchur dleachtanna frithdhumpála.

(5) Chinn an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán. Na coinníollacha le haghaidh bhailiú cúlghabhálach na ndleachtanna, más ann dóibh, déanfar measúnú orthu sa rialachán lena bhforchuirfear dleachtanna cinntitheacha.

(6) Aon dliteanas a bheadh ann amach anseo, is as torthaí an imscrúdaithe a thiocfadh sé.

(7) Sna ríomhanna a soláthraíodh sa ghearán inar iarradh imscrúdú frithdhumpála a thionscnamh, meastar corrlaigh dhumpála 49 % a bheith ann i gcás allmhairí ó Phoblacht na Cóiré, agus 54 % i gcás allmhairí ó Mheicsiceo. Meastar sna ríomhanna ón ngearán freisin go bhfuil leibhéal díothaithe díobhála idir 8 % agus 18 % i gceist le hallmhairí ó Phoblacht na Cóiré, agus idir 5 % agus 15 % i gceist le hallmhairí an táirge lena mbaineann ó Mheicsiceo le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024. De ghnáth, dhéanfaí an méid dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú ar an leibhéal is ísle den dá leibhéal sin de réir Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

(8) Mar sin féin, ag an gcéim seo ní féidir leis an gCoimisiún an méid dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a mheas. Dá bhrí sin, is ar mhaithe le faisnéis amháin atá na méideanna a luaitear sa ghearán agus ní féidir aon choinne a bheith ann leis an leibhéal iarbhír dliteanais a shuífear mar thoradh ar an imscrúdú a bheith bunaithe orthu.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) IO C, C/2025/4539, 13.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4539/oj.

3. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(9) Aon sonraí pearsanta a bhailítear i gcomhthéacs an chlárúcháin seo, déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ([3]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a thabhairt chun allmhairí aigéid theireatalaigh, ag a bhfuil íonacht 99,5 % nó níos mó de réir meáchain, isteach san Aontas a chlárú, a thagann de ghnáth faoi uimhir Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha ('CAS') 100-21-0, a gcomhfhreagraíonn uimhir an Aontais Chustaim agus Staidrimh 0023865-3 dó de ghnáth, atá aicmithe faoi láthair faoin gcód AC 2917 36 00 (an cód TARIC 2917 36 00 11) agus ar de thionscnamh Phoblacht na Cóiré agus Mheicsiceo é.

2. Rachaidh an clárúchán in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21,11,2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).